

SEAN FHEAR A D'FHÁG A PHÁIDIRÍN SA ROILIG

Bhí sean fhear i Muighinis agus bhí sé ag sochraide agus bhí sé a rádh urnaighte ar adhalacan duine muinnteardhach leis agus bhí sé ina thrathnóna deirneach agus tuiteann sé ina codladh. Ach nuair a dhúisigh sé bhí sé ina oidhche agus níl aon adhalacan dá raibh sa roilig nach raibh duine cromta anuas ann mar dá mbeadh said a rádh an urnaidhe agus ní dhearna an seanfhear seo ach bailiú leis agus bhí an oiread deifir ag imeacht air agus go ndearna sé dearmad ar a pháidirín agus ar a hata agus ar a mhaide agus nuair a tháinig sé abhaile ag a theach d'innsigh sé dá chlann gur dhearmuid sé iad ar an roilig agus bhí triúr mac aige agus d'fuarfadh sé den mhac ba shine a ngabfadh sé chuige an roilig agus an dtiubhradh sé chuige iad. Dubhairt an mac is shine leis nach ngabhfadh go cén ciall nar tuig sé fhéin leis iad nuair a bhí sé ann agus aire a thabhairt dhóibh.

Agus d'fuarfadh sé den dara mac an ngabhfadh sé ina gcoinne agus dubhairt sé sin nach ngabhfadh sé sin ina gcoinne.

"Is fearr duit-sa dhul ina gcoinne", adeir sé leis an triomhaidh mac. "Gabhfaid má thugann tú beagáin airgid dom le haghaidh imtheacht ag an spraoidh i gcatheamh an gheimhridh". "Tiubhradh" adeir an t-athair.

Thug sé roinnt airgid dó faoi láthair agus ghabh sé go dtí an roilig agus níl aon adhalacain dá raibh ins an roilig nach raibh duine cromtha anuas ann mar a bheadh said ina gcodladh.

Thosuigh sé gá n-iúntú anonn is anall ag tóraidheacht an pháidirín, an hata is an mhaide a bhí fága ag a athair ann. Bhí sé cinnte air iad a dhéanamh amach agus is gearr go dtáinig fear chomh fada leis agus gur fhiafhuigh sé dhó a dtiocfadh sé ar cheann báire píosa den oidhche agus dubhairt sé seo go dtiocfadh.

Thug sé comán dó agus bhí sé a cheapadh gurbh b'éard a bhí ann ,comán airgid. Bhí sé ag breathnú chomh deas sin, agus shocruigh an fear sighe ar cheann den dubhaigh é agus fear eile ina aghaidh, sa gceann eile den dubhaigh.

Ní faca sé aon amharc ar an liathróid ach aon uair amháin agus ceapann sé go mba mhór an spóirt é. Bhí sé chomh deas sin agus dubhairt sé leis fhéin dá dtagadh an liathróid chuige aríst go gcoinneochadh sé an liathróid agus go mbeadh féirín aige. Nuair a bheadh an féirín aige agus comán ach níor tháinig an liathróid chomh fada leis ní ba mhó agus is gearr go raibh an báire thart agus nach raibh duine le feicéal aige, ach bhí an comán fanta aige.

Chuaidh sé ar áis aríst go dtí an roilig agus bhí na daoine cromta anuas ann mar bhíodar nuair a bhí sé ann roimhe sin. Thosuigh sé ag tóraidheacht an pháidirín, an hata, is an maide agus chinn sé air iad a fhágáil agus nuair nach bhfuair sé iad chromh sé féin síos ag déanamh aithrís ar an muinntir eile agus dubhairt sé nach ngabhfadh sé abhaile nó go

bhfágfhadh sé iad. Chuir sé an comán taobh thiar ar a dhruim agus a lámha taobh thiar den chomán agus dubhairt sé nach sgarfadh sé leis agus nach mbeadh aonduine indon é bhaint dhe.

Is gearr an t-achar nó gur thuit sé ina codladh agus nuair a dhúisigh sé ní raibh duine le feicéal aige ar an roilig agus bhí an comán tugtha uaidh.

Agus fuair sé an páidrín, an háta is an maide go han-réidh agus chuaidh sé abhaile agus thug sé don athair iad.

“An bhfaca tú tada ó shoin a chuir aon fhaithchíos ort”, adeir an t-athair. “Chonnaic mé cuid mhaith”, adeir sé, “ach má chonnaiceas níor chuir said aon fhaithchíos orm agus nuair nach chuir, ní stopaidh mé anois nó go bhfágtha mé rud a chuirfeas faithchíos orm”.

D’imthigh leis agus bhí sé ag suibhal nó gur casadh ag áit é a raibh bean uasal óg ag déanamh teach nua agus níl aon bhlas dá indeantaoí ann insa lá neach leagtaoí insa in oidhche agus níl aon duine a bhíodh dá fhaire san oidhche nach mbíodh marbh ar maidin. Casadh an fear seo thart ann agus dfiarfuigh an bhean óg seo dhe an bhfanfadh sé oidhche ann ag faire an chaisleáin. Agus dubhairt sé go bhfanfadh dá n-íoctaoí go maith é.

Dfhiafuigh sí dhí céard a bhí sé a iarraidh. “Ní fanfaigh mé ar níos lugha ná chúig phunt.” “Tabhraidh mise sin dhuit ar fhanacht” adeir an bhean óg.

D’fhan sé an oidhche seo ag faire an chaisleán. Bhí áit dheas socruighthe aige leis an oidhche a chaitheamh ann. Neart soluis agus neart óil agus is gcearr an t-achar nó gur airigh sé torann mór ag tigheacht agus shíl sé nach raibh cloch ar áit an tighe nach raibh leagtha agus is gcearr gur sheas an fear amach ar aghaidh agus ní dearna sé seo ach bhreith ar an ngloine agus í a líonadh agus gloine a thairgsint don taidhbhse.

“Ól é seo”, adeir sé leis agus níor labhair an taidhbhse. “Ól í seo nó cuirfidh mise ialach ort go n-ólfaidh tú í”, ag breith ar fuip a bhí aige agus nuair a rug sé ar a bfuip ní dhéarna an taidhbhse ach a cheann a chromaidh agus abhaile leis.

Ar maidin lár na bhárach bhí an bhean óg seo, bhí sí ina suidhe leis an lá féachaint a raibh an fear seo beo léis na h-oidhche. Nuair a fuair sí beo é ar maidin gan aon bhlas a bheidh déanta air d’fhiafruigh sé dhí an bfanfadh sé oidhche eile. “Fanfad”, adeir sé, “ach ní ar pháidhe na h-oidhche aréir a fhanfadh mé. Beidh mé ag iarraidh an oiread eile”. “Gheobhfidh tú sin”, adeir sí. D’fhan sí an dara hoidhche ag faire an chaisleán. Is gearr gur airigh sé an torann mór ag tigheacht seacht n-uaire ní ba tréine ná mar d’áirigh sé an oidhche roimhe agus sheas an taidhbhse amach roimhe agus líon sé seo an ghloine agus thairg sé dhó é.

“Is tú an fear is fearr”, adeir an taidhbhse, “dá bhfaca mé ariamh. An muinntir eile a bhíodh ag faire na h-áite sé an chaoi a mbíodh said ag rith agus ag dhul i bhfolach nuair a d’airighdís mise ag tigheacht ach, is tusa an fear a bhfuil misneach agat”.

“Mise”, adeir an taidhbhse, “ní raibh ag teastáil uaim ach duine a bhainfeadh cainnt asam. Is mé athair na mná óige atá ag déanamh an tighe. Bhí fiachaí go leor orm nuair a fuair mé bás

agus dhéarfadh tú léithe na na fiachaí a íoc agus nach gcuirfidh mé aon trioblóid ar an áit seo níos mó ach na fiachaí a íoc”.

D’imithigh leis an taidhbhse annsin agus bhí an fear óg ag réidteacht le bheith ag glanadh leis. Duibhairt an bhean óg leis go mbeadh sé sáthach luath.

“An t-ádhbhar a d’fhág mise an baile go bfágfainn rud eicint a chuirfeadh faitchíos orm. Níl mé ag dhéanamh comhnaidhe níos mó go gcastar rud éicint orm a chuirfeas faitchíos orm”.

Ní raibh aon fhonn air fanacht agus bhí an bhean óg seo, bhí sí ag gabhail dó nó go ndúbhairt sé go bhfanfadh sé go dtí lár na bhárach.

Tar éis é a dhul a chodladh ins an oidhche chuir sí seo beirt gasúir amach i sruthán a raibh easconna ann nó gur thóigeadar lán bosga d’easconna beaga agus insan am a bhfuair sí ina codladh é ins an oidhche chuir sí na buachaillí seo go dtí é agus dubhairt sí leo an t-éadhach a thógáil dhe agus an bosga easconnaí a sgaoileadh isteach ins an leabaidh a raibh sé ina chodladh innte. Nuair a d’airigh sé seo na h-easconna a’ lúbadh anonn is anall agus iad chomh fuar leis an sneachta dhúisigh sé agus sgannraidh sé le faitchíos.

Níl ann ach go mbéidir foighid ar bith a chur ann le teann a raibh d’fhaitchíos air. “Anois”, adeir an bhean óg leis, “an bhfuil do dhóthain faitchíos ort nó an ngabhfaidh tú níos fuide”. “Níl aon cháll dhom a dhul níos fuide, tá mó dhóthain faitchíos curtha orm ag na h-easconna”, adeir sé. D’fhan sé ann agus phós sé fhéin agus an bhean óg seo agus bhí an-áit aige agus rinne said an-ghraithe.